

# Ná déan dearmad

- Ní oibreoidh antaibheathaigh i gcás slaghdáin nó fliú
- Tóg antaibheathaigh go freagrach agus ar chomhairle dochtúra amháin
- Táimid ar fad freagrach as antaibheathaigh a choinneáil éifeachtúil

## Nuair a *bhíonn* antaibheathaigh uait, bí cinnte go n-úsáideann tú iad go freagrach

Nuair a fhaigheann tú oideas d'antaibheathaigh, cloígh le treoracha an dochtúra chun an baol a bhaineann le forbairt baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach a laghdú.

Mura leanann tú na treoracha, mar shampla má ghiorraíonn tú an tréimhse cóireála, má íslíonn tú an dáileog nó mura dtógann tú na hantaibheathaigh ag an eatramh ama ordaithe ag an dochtúir, is féidir le baictéir éirí frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

D'fhéadfadh baictéir fhrithsheasmhacha fanacht i do cholainn agus tarchur chuig daoine eile freisin. D'fhéadfadh sé sin tú féin nó daoine eile a chur i mbaol an chéad uair eile ar gá antaibheathaigh a thógáil.

- Lean comhairle an dochtúra maidir le cathain agus conas antaibheathaigh a thógáil
- Ná úsáid antaibheathaigh atá fágtha sa chófra le fada
- Faigh comhairle dochtúra nó cógaiseora maidir le diúscairt antaibheathach

Tá tuilleadh faisnéise ar fheasacht antaibheathach le fáil ag: <http://antibiotic.ecdc.europa.eu>



## Feasacht ar Antaibheathaigh

## Coinnigh Antaibheathaigh Éifeachtúil

## Fadhb shuntasach sláinte iad baictéir atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach

Le mórán blianta, tá antaibheathaigh in úsáid mar chóireáil ar ionfhabhtuithe atá bagrach don bheatha. Le blianta beaga anuas áfach, tá an úsáid mhícheart atá á baint as antaibheathaigh mar bhonn le forbairt agus le scaipeadh baictéar atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach.

Nuair a fhaigheann daoine ionfhabhtuithe ar baictéir fhrithsheasmhacha is cúis leo, ní bhíonn antaibheathaigh éifeachtach níos mó chun an ionfhabhtú a chóireáil agus d'fhéadfadh go dtógfadh sé níos faide an galar a chóireáil nó d'fhéadfadh an galar dul chun donais.

Is bagairt shuntasach don tsláinte phoiblí Ž lígean d'fhrithsheasmhacht in aghaidh antaibheathach forbairt de bhrí go bhféadfadh baictéir fhrithsheasmhacha leathnú i bpobal.

## Ná tóg antaibheathaigh ach nuair a theastaíonn siad

Ná tóg antaibheathaigh ach amháin nuair a theastaíonn siad, mar d'fhéadfadh baictéir éirí frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach de bharr úsáide iomarcaí.

Ní bhaineann tairbhe le hantaibheathaigh a thógáil nuair nach dteastaíonn siad uait. Mar shampla, NÍL antaibheathaigh éifeachtach i gcoinne ionfhabhtuithe ar víris cosúil le slaghdáin nó fliú coiteann is cúis leo. I bhformhór na gcásanna, ba cheart go mbeadh do chóras imdhíonachta in ann déileáil le hionfhabhtuithe simplí. Ní chabhróidh antaibheathaigh leat teacht chugat féin ná ní chuirfidh siad cosc ar leathadh víreas chuig daoine eile.

Dochtúir leighis amháin a dhéanfaidh an diagnóis cheart mar aon le cinneadh an dteastaíonn cóireáil antaibheathach uait.

- Tá gach duine freagrach as antaibheathaigh a choinneáil éifeachtúil
- Trí úsáid fhreagrach a bhaint as antaibheathaigh féadfar stop a chur le forbairt baictéar frithsheasmhach
- Trí stop a chur le baictéir fhrithsheasmhacha cinnteofar go mbeidh antaibheathaigh éifeachtúil do na glúine amach anseo

- Ná tóg antaibheathaigh gan oideas dochtúra
- Má tá slaghdán nó fliú ort agus má chinneann an dochtúir nach bhfuil antaibheathaigh ag teastáil uait, tabhair aire duit féin go mbeidh biseach ort
- Mura dtagann biseach ar do shiomptóim nó má éiríonn siad níos measa fiú sa tréimhse ama a luaigh do dhochtúir leat, ba chóir comhairle an dochtúra a lorg an athuair

EUROPEAN  
ANTIBIOTIC  
AWARENESS DAY



A European Health Initiative



## Slaghdán? Fliú? Ná tóg antaibheathaigh!

Céard a dhéanfaidh tú má tá slaghdán nó fliú ort agus mura n-ordaíonn an dochtúir antaibheathaigh duit

1. Lig do scíth agus tabhair aire duit féin go mbeidh biseach ort
2. Ól neart leachtanna d'fhonn díhiodráitiú a sheachaint
3. Iarr ar an dochtúir faoi chóireálacha neamh-antaibheathaigh le haghaidh faoisimh ó do shiomptóim cosúil le srón stoptha, scornach tinn, casachtach, s.r.l.

Mura dtagann biseach ar do shiomptóim nó má éiríonn siad níos measa fiú sa tréimhse ama a luaigh do dhochtúir leat, ba chóir comhairle an dochtúra a lorg an athuair.